



ARDÁN RANNPHÁIRTÍOCHTA LEANAÍ AN AONTAIS

CRUTHAIGH, PLEANÁIL, BÍ PÁIRTEACH

AN CHÉAD CHRUINNIÚ OIBRE

27-28 Meitheamh 2024


TUARASCÁIL

**Tagaimid ó
gach cearn
den Eoraip**





EU Children's Participation
Second Consultation



**OUR DEMOCRACY,
OUR CHOICE**

Summary of what children said

March-May 2024

EU CHILDREN'S
PARTICIPATION PLATFORM

#EUChildParticipation



COMMISSION RECOMMENDATION
ON DEVELOPING AND
STRENGTHENING INTEGRATED
CHILD PROTECTION SYSTEMS

THE CHILDREN'S VERSION



CÉARD A BHÍ Á PHLÉ SA CHRUINNIÚ SEO?

An 27-28 Meitheamh, thionóil [Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais](#) (an tArdán) a chéad chruinniú oibre sa Bhruiséil le 36 leanbh ó gach cearn den Eoraip idir 11-17 mbliana d'aois.

Breathnaímid ar an méid a rinne an tArdán le 2 bhliain anuas – féach [Plean Oibre 2023-2024](#) agus leag muid amach an chéad Phlean Oibre eile (2025-2026).

Ghlac leanaí páirt i gceardlanna agus i bpléití faoin Ardán agus labhair siad le daoine fásta faoin gCoimisiún Eorpach (an Coimisiún go gairid). Phléigh leanaí ábhair thábhachtacha a bhfuil cúram orthu fúthu freisin agus ba cheart don Ardán oibriú orthu.

Rinne baill Phainéal na Leanaí (an Painéal) comh-éascú ar an gcruinniú agus roinn siad a gcuid smaointe maidir le conas an clár is fearr a dhéanamh do gach leanbh. Bhí Aurora (an Liotuáin), Eyman (an tSualainn), Gabriel (an tSualainn), Gabrieliús (an Liotuáin), Luisa (an Ghearmáin), Maria (an Rómáin), Naya (an Ísiltír), Tea (an Chróit), Yassmin (an Spáinn) agus Zahira (an Spáinn) ar thús cadhnaíochta maidir le comh-éascú a dhéanamh ar na seisiúin, agus thug siad isteach cluichí idirghníomhacha agus rinne siad gníomhaíochtaí tógála foirne. Chabhraigh siad freisin chun an cruinniú a thaifeadadh le físeáin agus agallaimh.

Oibríonn an tArdán chun rannpháirtíocht leanaí a neartú ar fud na hEorpa, agus spreagann sé leanaí le bheith ina saoránaigh ghníomhacha agus ina mbaill de shochaithe daonlathacha. Faigh tuilleadh eolais faoinár ngníomhaíochtaí ar shuíomh gréasáin an Ardáin agus faoin gcruinniú seo ar an [leathanach tiomnaithe seo](#).

Is é Painéal na Leanaí grúpa comhchruthaithe an Ardáin agus cuidíonn a ionchur luachmhar le dearadh agus cur chun feidhme ghníomhaíochtaí an Ardáin a mhúnlú.



CÉARD A RINNEAMAR IN 2023-2024

Cuspóirí: Chun athbhreithniú a dhéanamh ar an méid a d'oibrigh, ar na rudaí a d'fhéadfaí a fheabhsú, agus cad eile a d'fhéadfaí a dhéanamh

AG CUR TÚS LEIS AN GCROINNIÚ

Bhí **Tea** agus **Aurora** ón bPainéal agus **Marie-Cécile Rouillon** ón gCoimisiún ina gcomh-éascaitheoirí ar an gcéad lá. Chuir **Yassmin** ón bPainéal an tArdán agus a ghníomhaíochtaí le 2 bhliain anuas i láthair: an chéad Chomhthionól Ginearálta, cruinnithe an [Bhoird Chomhairligh](#), agus na comhairliúcháin agus na cruinnithe ar líne [maidir le mothú sábháilte](#) agus [daonlathas](#).

MAIDIR LE CEARTA AN LINBH


Ghlac aoi de chuid an Choimisiúin, **Iris Abraham** ó chomh-aireacht an Leas-Uachtaráin **Dubravka Šuica**, páirt i bplé le Naya ón bPainéal. D'fhreagair Iris ceistanna Naya agus d'hearbhaigh sí tiomantas leanúnach an Aontais do chearta leanaí. Mhínigh sí conas a oibríonn toghcháin an AE agus go mbeidh duine nua ainmnithe go luath chun aire a thabhairt do chearta agus don cheartas san Aontas go ceann cúig bliana. Chomh maith leis sin, ní mór do na Ballstáit gníomhaíocht a dhéanamh bunaithe ar an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí.



Dúirt **Naya** go raibh imní ar leanaí faoin líon mór vótaí do pháirtithe antoiseacha le linn na dtoghchán agus go bhfuil sé tábhachtach daoine óga a ullmhú agus páirt a thabhairt dóibh sa chinnteoireacht ar bhealach níos fearr.

LEANAÍ AG CRUTHÚ A GCUID ARDÁN

D'oibrigh na leanaí i sé ghrúpa agus thóg siad a 'n-ardáin' féin chun cuidiú le gníomhaíochtaí an Ardáin a phlé, agus roinn siad a dtuairimí ar na hábhair a ndéanann gach ceann de na sé cholún ionadaíocht orthu:



GNÍOMHAÍOCHTAÍ, EOLAS AGUS GRÚPAÍ

GNÍOMHAÍOCHTAÍ a d'fhéadfadh cabhrú le leanaí páirt a ghlacadh i gceintí rialtais agus i ngníomhaíochtaí an Ardáin

EOLAS gur mian le leanaí a fháil faoin Aontas agus faoin Ardán, agus conas cumarsáid a dhéanamh leo

GRÚPAÍ gur maith le leanaí a bheith ag obair iontu agus ina mbraitheann siad go bhfuil siad san áireamh, agus an chaoi a n-oibríonn leanaí le chéile go pearsanta agus ar líne

An méid a bhí le rá ag na leanaí

Ba cheart don Ardán a bheith cuimsitheach agus ba cheart gníomhaíochtaí a chur ar fáil do gach leanbh, is cuma cén aois iad.

Is iad obair ghrúpa agus cruinnithe i bpearsa, cuairteanna ar institiúidí an Aontais, go leor plé ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta, cluichí idirghníomhacha agus gníomhaíochtaí forbartha foirne na bealaí chun cinn!

Tá tionscadail arna maoiniú ag an rialtas, piarmheantóireacht agus plé measctha idir leanaí agus daoine fásta tábhachtach freisin.

Níos mó cruinnithe faoi stiúir leanaí, agus níos mó leanaí san áireamh.

Ba mhaith le leanaí a fháil amach conas a bheith páirteach san Ardán, conas a thosaigh an tArdán, agus céard is ionadaíocht leanaí ann.

Is mian le leanaí foghlaim faoin Aontas Eorpach, faoi dhlíthe agus faoi cheapadh beartais, faoin méid a dhéanann an tAontas Eorpach do leanaí, agus faoin bhfáth, faoin gcaoi a ndéanann an tAontas a chuid oibre agus faoin méid a dhéanann an tAontas Eorpach,

Ba cheart eolas a roinnt trí chluichí, cartúin agus formáidí idirghníomhacha.

D'fhéadfadh an tArdán cabhrú le leanaí eolas a roinnt faoi rannpháirtíocht an Aontais ina dtíortha féin.

Tá leanaí bainteach in go leor grúpaí, ar nós grúpaí spóirt agus scoile, comhairlí, gluaiseachtaí etc.

Is féidir le leanaí oibriú níos fearr ar líne má tá spriocanna soiléire, seisiúin idirghníomhacha agus dinimiciúla, cluichí agus obair ghrúpa ann.

Cuir leanaí san áireamh i ngrúpaí, agus ba cheart do dhaoine fásta éisteacht le leanaí agus cumarsáid a dhéanamh leo níos minice agus glacadh go dáiríre leo.

Ba cheart do lucht cinnteoireachta labhairt le leanaí níos minice.



CONAS ATHRÚ A CHUR IN IÚL DO LEANAÍ

In éineacht leis na saineolaithe rannpháirtíochta leanaí Laura agus Lotte, phléigh na páistí conas a bhraitheann siad faoi na hathruithe a rinneadh ón ionchur a chuireann siad ar fáil, agus conas is mian leo go gcuirfí an méid sin in iúl dóibh. Bhí an plé bunaithe ar phóstaer a léirigh an méid a dúirt leanaí le linn [an chomhairliúcháin maidir le mothú sábháilte](#) agus conas a d'úsáid an Coimisiún an t-ionchur sin.

Dúirt na leanaí go bhféadfadh an t-eolas ar an bpóstaer a bheith níos fabhraí do leanaí tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An t-eolas a chur i láthair le níos lú téacs agus níos mó clónna spráíúla
- Níos mó dathanna agus íomhánna a úsáid
- Teanga níos simplí atá fabhrach do leanaí a úsáid
- An t-eolas a fhoilsiú ar líne in áit póstaer a phriontáil

SUÍOMH GRÉASÁIN, ABHCÓIDEACHT AGUS CUMARSÁID

Rinne **Jane** ón gCoimisiún cur síos ar an obair a rinne foireann chomhchruthaithe an tsuímh gréasáin agus baill eile an **Ardáin** ar leanaí iad. Tá a gcuid moltaí maidir le catagóirí ábhair, cuma agus mothú an amhairc, níos lú téacs a úsáid agus formáidí níos idirghníomhaí ina mbonn taca maidir le forbairt [shuíomh gréasáin an Ardáin](#).

Ansin roghnaigh na páistí páirt a ghlacadh i gceann de thrí cheardlann:

- 1. Abhcóideacht – i gcomhar le Lauren ó Fhóram Eorpach na nÓg (EYF):** Phléigh na leanaí conas tionchar a imirt ar dhaoine atá i gcumhacht chun athruithe a dhéanamh. Roinn gach leanbh réimse athraithe ar mhaith leo tionchar a imirt air ina dtír féin. Bunaithe ar an [Lámhleabhar Abhcóideachta](#), d'fhéach siad ar na príomhchéimeanna abhcóideachta: Conas na rudaí atá le hathrú a roghnú, réitigh a aimsiú agus cinneadh a dhéanamh ar na modhanna is fearr. I measc na modhanna a úsáideadh bhí litir a scríobh, bualadh le lucht cinnteoireachta, cruinnithe eolais a eagrú agus achainí a chruthú. Mar shampla ar sprioc abhcóideachta, luaigh Lauren feachtas EYF chun an aois vótála a ísliú go 16 bliana d'aois i ngach toghchán ar fud na hEorpa.
- 2. Cumarsáid – i gcomhar le Jose, tionchaire óg, amhránaí agus gníomhaí:** Dúirt na leanaí gur ardáin mhaithe iad na meáin shóisialta, innill chuardaigh ar líne agus an scoil chun cumarsáid a dhéanamh le leanaí. Dúirt siad gurbh fhiú eolas a roinnt faoin Ardán ag imeachtaí scoile, ar na meáin shóisialta agus i gceardlanna éagsúla. Tarraingíonn físeáin agus agallaimh aird daoine óga freisin. Dúirt na leanaí freisin go bhfuil an mhúinín is mó acu as eolas a chloiseann siad ó theaghlach, ó chairde agus ó thuismitheoirí. Tá siad ag iarraidh a fháil amach cad a cheapann daoine fásta, ach dúirt siad go dteastaíonn deiseanna ó leanaí na rudaí a chuireann as dóibh féin a chur in iúl freisin.
- 3. Leanaí óga a mhealladh – i gcomhar le Cath agus Tove, saineolaithe rannpháirtíochta leanaí ón Rúnaíocht:** Dúirt páistí faoi bhun 12 bliana d'aois go n-úsáideann siad na meáin shóisialta agus cainéil físe. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh tionchairí a reáchtáilann ceardlanna i scoileanna agus a roinneann físeáin fhaisnéiseacha spráíúla faoin Ardán a bheith ina mbealaí maithe chun teagmháil a dhéanamh le leanaí óga!



CÉARD ATÁ LE DÉANAMH IN 2025-2026

Cuspóirí: Tosaíochtaí agus tograí leanaí maidir leis an obair a dhéanfaidh an tArdán amach anseo a chomhroinnt agus a phlé

AN TODHCHAÍ A PHLEANÁIL

Rinne **Naya**, **Gabrielius** agus **Marie-Cécile** cómhodhnú ar an dara lá. Lean na leanaí de bheith ag obair i ngrúpaí chun plé a dhéanamh ar a roghanna maidir le hobair an **Ardáin** amach anseo, agus ar na hábhair a mheas siad a bheith tábhachtach le cumhdach. Cuireadh na smaointe a roinn na leanaí sa chéad chruinniú den Chomhthionól Ginearálta agus den Bhord Comhairleach san áireamh freisin.

AN OBAIR ATÁ AR SIÚL AG AN GCOIMISIÚN EORPACH

Tháinig daoine fásta ón gCoimisiún chun labhairt faoi réimsí éagsúla d'obair an Choimisiúin agus faoin gcaoi a bhfuil siad nasctha le leanaí. Bhí Aurora ón bPainéal agus Marta ón gCoimisiún ina gcomh-éascaitheoirí ar an bplé.

Sábháilteacht ar líne agus cibearbhulaíocht:



- **Marie-Cécile** ó AG JUST (An Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí)
- **Greta** ó AS CONNECT (Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta)

Aontaíonn an Coimisiún gur cheart do dhaoine fásta oibriú níos fearr le chéile, trí úsáid a bhaint as moltaí leanaí maidir le conas iad a chosaint ar bhealach níos fearr, meas a léiriú ar an éagsúlacht, agus áiteanna ar líne agus áiteanna fisiciúla níos sábháilte a chruthú. Tá an-tábhacht ag baint le cosc, pleannanna a dhéanamh agus a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Cuidíonn an Coimisiún lena chinntiú go bhfuil an saol digiteach inrochtana agus sábháilte do leanaí trí rialacha nua a chruthú chun príobháideacht agus sábháilteacht ar líne a chosaint ar bhealach níos fearr, innill chuardaigh agus na meáin shóisialta san áireamh. Tá [plean acu freisin chun feabhas a chur ar an timpeallacht ar líne](#), chun an t-idirlíon a dhéanamh níos sábháilte agus chun tacaíocht a sholáthar nuair a bhíonn cabhair ag teastáil maidir le cúrsaí ar líne.

Bochtaineacht agus cuimsiú:

- **Stefan** ó AS EMPL (An Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú)

Tá 1/4 de leanaí na hEorpa i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta. Oibríonn an Coimisiún ar chosc, agus cabhraíonn sé lena chinntiú go bhfuil poist mhaithe ag tuismitheoirí a chuireann airgead ar fáil dóibh agus poist a dtaitníonn siad leo. [D'fhoilsigh](#) an Coimisiún moladh do na Ballstáit maidir le conas cabhrú le teaghlaigh agus le leanaí atá i mbaol bochtaineachta agus conas a chinntiú go mbeidh rochtain ag leanaí ar na príomhsheirbhísí, amhail cúram sláinte.

Folláine agus oideachas:



- **Oana** ó DG EAC (An Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr)

Thug an Coimisiún [treoirlínte](#) tábhachtacha isteach le déanaí maidir le conas tacú leis an bhfolláine ar scoil. Teastaíonn tacaíocht ó leanaí chun foghlaim conas a gcuid mothúchán a thuiscint, freagairt ar choimhlint, agus na hacmhainní a theastaíonn uathu a fháil. Tá ról ag scoileanna chun cabhrú le leanaí déileáil le himní agus le fadhbanna meabhairshláinte. Is cuid thábhachtach den phróiseas seo iad múinteoirí agus ní mór tacaíocht a chur ar fáil dóibh chomh maith.

Maoiniú:



- **Valeria** ó AG JUST (An Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí)

[Tríd an gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna](#) (CERV), féadfaidh cathracha, ollscoileanna agus eagraíochtaí neamhbhrabúis airgead a fháil ón gCoimisiún chun oibriú ar ábhair atá tábhachtach do leanaí. Cén chaoi? Ar an gcéad dul síos, bíonn glao ann. Ansin déanann eagraíochtaí iarratas trína gcuid smaointe le haghaidh tionscadal a chur i láthair. Déantar meastóireacht, agus ina dhiaidh sin tugtar an t-airgead do na tionscadail is fearr. D'fhéadfadh leanaí a bheith rannpháirteach sa chéad togra eile agus cabhrú le saineolaithe an Choimisiúin tuiscint a fháil ar na hábhair agus na tionscadail atá tábhachtach do leanaí.



Athrú aeráide:

- **Elias** ó AS CLIMA (An Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide)

[Cabhraíonn an Coimisiún](#) le daoine óga a bheith páirteach sa ghníomhú ar son na haeráide. Is féidir leo é sin a dhéanamh trí líonra leanaí agus daoine óga a chruthú a chuireann gníomhú ar son na haeráide chun cinn ina bpobail áitiúla. In 2024, beidh deis nua ann do dhaoine óga agus féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar bheith mar Ambasadóirí an Chomhshocraithe Aeráide. Is féidir le leanaí go leor rudaí a dhéanamh ar son na haeráide! Is féidir leo Piar-Pharlaimint a eagrú, ina ndéantar plé le leanaí eile; tá uirlisí ar líne ann ina mhíneáir conas é sin a dhéanamh.

Tuilleadh buaicphointí

Ghlac na leanaí páirt i bhfótaisheisiún d'amharc-aithne nua an Ardáin, agus rinne siad athbhreithniú ar an suíomh gréasáin nua. Bhí both grianghraf ann freisin dóibh chun cuimhní a dhéanamh agus rinne siad turas siúil chun foghlaim faoin mBriséil.

Ghlac na daoine fásta a bhí leo páirt i gceardlanna maidir le conas feabhas a chur ar an Ardán agus maidir leis an mbealach a cruthaíodh an suíomh gréasáin le hionchur ó leanaí.



**Tuairimí an
Choimisiúin Eorpaigh
a chur leis**

TOSAÍOCHTAÍ LEANAÍ

Tar éis dóibh an méid a chuala siad ón gCoimisiún a phlé, roghnaigh na leanaí na hábhair ba thábhachtaí trí vótáil. I ngrúpaí, chruthaigh siad cainteanna gearra agus póstaer faoi na hábhair sin chun iad a chur i láthair do chách:




1. An comhshaol

Stop a chur le falscaithe agus aire a thabhairt don chomhshaol, ionas gur lú éifeacht an athraithe aeráide!

2. Oideachas

Teastaíonn níos mó múinteoirí agus cur chuige nua-aimseartha i leith na foghlama ó leanaí. Ba chóir go múiníf rudaí tábhachtacha agus praiticiúla do leanaí, a mbeidh úsáideach nuair a bheidh poist á lorg acu.



3. Cogaí

Ní mór stop a chur le cogaí toisc go mbíonn tionchar acu ar leanaí. Ní mór dúinn síocháin a chur chun cinn ar fud an domhain. Ba cheart go bhfaigheadh pobail agus tíortha a bhfuil tionchar ag cogaí orthu airgead agus tacaíocht chun iad a atógáil.

4. Meabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil

An té a bhíonn intinn shláintiúil aige, bíonn corp sláintiúil aige! Tá an dá rud ceangailte dá chéile. Ní mór go mbeidh rochtain saor in aisce ag gach leanbh ar an spóirt, leanaí faoi mhíchumas san áireamh. Ba cheart go mbeidh rochtain ag leanaí ar chabhair ó dhaoine fásta, mar shampla trí chúntóirí cúram sláinte scoile.



5. Cearta an linbh

Ba cheart go múiníf do gach leanbh faoi chearta leanaí agus conas iad a úsáid.

6. Idirdhealú

Ba cheart dúinn stop a chur le caitheamh go héagórach le grúpaí éagsúla. Réiteach amháin is ea labhairt faoi idirdhealú le lucht ceaptha beartas agus a chur in iúl go bhfuil tionchar ag an méid a deir siad.



idirdhealú



an bhochtaineacht

7. Bochtaineacht

Ní féidir le leanbh a bheith ag foghlaim nuair a bhíonn ocrais air. Ba cheart béilí saor in aisce a chur ar fáil do leanaí atá i mbaol na bochtaineachta. Níor cheart aon duine a eisiáimh go sóisialta ná níor cheart caitheamh go difriúil leo. Tá an cuimsiú rithábhachtach.

8. Sábháilteacht ar líne

Tá tábhacht ag baint leis an tsábháilteacht ar na meáin shóisialta. Ní mór aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna cosúil le bulaíocht ar líne. Is féidir labhairt le múinteoirí faoi shábháilteacht ar líne.



na meáin shóisialta



rannpháirtíocht sa pholaitíocht

9. Rannpháirtíocht sa pholaitíocht

Ba cheart do pholaitíoirí teagmháil níos mó a dhéanamh le daoine óga. Tá ábhair thábhachtacha ann go mba cheart díriú orthu níos mó, amhail deis a thabhairt do leanaí vótáil ag 16 bliana d'aois, an pholaitíocht a dhéanamh níos neamhfhoirmiúla agus níos cuimsithí, agus tacú le heagraíochtaí óige ionas gur féidir le baill níos óge a bheith ina gceannairí.

CONCLÚID

Bhí Naya agus Gabrieliús agus Ingrid ón gCoimisiún ina gcomh-éascaitheoirí ar an seisiún clabhsúir. Dúirt Ingrid go raibh sí an-sásta faoin obair iontach a rinneadh ar an Ardán sa chéad dá bhliain agus ghabh sí buíochas leis na leanaí agus na daoine fásta go léir as a gcuid oibre.

Cuideoidh an obair a rinne na leanaí le linn an chruinnithe leis an gcéad phlean dhá bhliain eile de chuid an Ardáin a chruthú:

- Forbróidh an Coimisiún agus Rúnaíocht an Ardáin Plean Oibre 2025-2026, ina gcuimseofar tograí na leanaí.
- Déanfaidh Painéal na Leanaí athbhreithniú ar an bplean, agus formheasfaidh an Bord Comhairleach é.
- Cuirfidh an Rúnaíocht na leanaí ar an eolas mura chuirfear aon cheann de na hábhair atá beartaithe acu san áireamh, agus míneoidh sí cén fáth.

TÁIMID AG SÚIL GO MÓR LE TÚS A CHUR LE DHÁ BHLIAIN EILE D'OBÁIR THÁBHACHTACH LE LEANAÍ AN AONTAIS AGUS AR A SON!

Chun tuilleadh eolais, grianghraf agus físeán a fháil, féach [suíomh gréasáin an Ardáin](#).



ARDÁN RANNPHÁIRTÍOCHTA LEANAÍ AN AONTAIS

